



---

*Uimhir 36 de 2012*

---

**AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ) (MAOINIÚ  
POLAITÍOCHTA), 2012**  
[*An tionú oifigiúil*]

---

RIAR NA NALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Míithe.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT TOGHCHÁIN, 1992

3. Leasú ar alt 25 d'Acht 1992.
4. Leasú ar alt 25A d'Acht 1992.

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT TOGHCHÁIN, 1997

5. Leasú ar alt 2 d'Acht 1997.
6. Leasú ar alt 3 d'Acht 1997.
7. Leasú ar alt 22 d'Acht 1997.
8. Leasú ar alt 23 d'Acht 1997.
9. Leasú ar alt 23A d'Acht 1997.
10. Teorainneacha le síntiúis ó shíntiúsóirí corparáideacha.
11. Síntiúis ó idirghabhálaithe.
12. Leasú ar alt 23B d'Acht 1997.
13. Leasú ar alt 23C d'Acht 1997.
14. Síntiúsóirí corparáideacha a chlárú.
15. Leasú ar alt 24 d'Acht 1997.

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.]  
Polaitíochta), 2012.*

16. Leasú ar alt 25 d'Acht 1997.
17. Leasú ar alt 26 d'Acht 1997.
18. Leasú ar alt 46 d'Acht 1997.
19. Leasú ar alt 47 d'Acht 1997.
20. Leasú ar alt 48 d'Acht 1997.
21. Leasú ar alt 48A d'Acht 1997.
22. Teorainneacha le síntiúis ó shíntiúsóirí corparáideacha i ndáil le toghcháin uachtaráin.
23. Síntiúis ó idirghabhálaithe i dtoghchán uachtaráin.
24. Leasú ar alt 48B d'Acht 1997.
25. Leasú ar alt 48C d'Acht 1997.
26. Leasú ar alt 61 d'Acht 1997.
27. Leasú ar alt 71 d'Acht 1997.

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT UM THOGHCÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS  
CAITEACHAS A NOCHTADH), 1999

28. Leasú ar alt 2 d'Acht 1999.
29. Leasú ar alt 13 d'Acht 1999.
30. Leasú ar alt 19A d'Acht 1999.
31. Leasú ar alt 19B d'Acht 1999.
32. Teorainneacha le síntiúis ó shíntiúsóirí corparáideacha.
33. Síntiúis ó idirghabhálaithe.
34. Leasú ar alt 19C d'Acht 1999.
35. Leasú ar alt 19D d'Acht 1999.
36. Leasú ar alt 19E d'Acht 1999.
37. Leasú ar alt 19F d'Acht 1999.
38. Leasú ar alt 19G d'Acht 1999.
39. Leasú ar alt 21 d'Acht 1999.

CUID 5

PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA — CUNTAIS A NOCHTADH

40. Leasú ar alt 19 d'Acht 1997.
41. Páirtithe polaitíochta — cuntais a nochtadh.

[2012.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [Uimh. 36.]  
Polaitíochta), 2012.*

CUID 6

MAOINIÚ STÁIT AR PHÁIRTITHE POLAITÍOCHTA AGUS COTHROMAÍOCHT  
ÍNSCNE

42. Leasú ar alt 17 d'Acht 1997.
  43. Leasú ar alt 46 d'Acht 1992.
  44. Leasú ar alt 127 d'Acht 1992.
-

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.]  
Polaitíochta), 2012.*

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí	
An tAcht Toghcháin (Leasú), 1998	1998, Uimh. 4
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001	2001, Uimh. 38
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2002	2002, Uimh. 4
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2007	2007, Uimh. 14
An tAcht Toghcháin (Leasú), 2011	2011, Uimh. 14
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2009	2009, Uimh. 9
An tAcht Toghcháin, 1992	1992, Uimh. 23
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2011	
Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 1977	
Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978	
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999	1999, Uimh. 7
Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2009	
Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999	1999, Uimh. 26



---

*Uimhir 36 de 2012*

---

**AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ) (MAOINIÚ  
POLAITÍOCHTA), 2012**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO BHUNÚ CLÁIR DE SHÍNTIÚSÓIRÍ CORPARÁIDEACHA; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LAGHDUITHE AR THEORAINNEACHA LE SÍNTIÚIS AGUS LE DEARBHUITHE SÍNTIÚS; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NOCHTADH CUNTAS AG PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA; DO LEASÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE MAOINIÚ STÁIT AR PHÁIRTITHE POLAITÍOCHTA; CHUN NA gCRÍOCH SIN AGUS CHUN CRÍOCH EILE DO LEASÚ AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1992, AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1997 AGUS AN ACHTA UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH), 1999; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[28 Iúil 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

1.—(1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,  
comhlua, forléiriú  
agus tosach  
feidhme.

(2) Déanfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2012 agus an tAcht seo a léamh le chéile mar aon ní amháin agus folófar an tAcht seo sa chomhlua “na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2012”.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2012 a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2009 agus den Acht seo (a mhéid a bhaineann sé le toghcháin áitiúla) le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Cd.1 [Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

Míithe. 2.—San Acht seo—  
ciallaíonn “Acht 1992” an tAcht Toghcháin, 1992;  
ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht Toghcháin, 1997;  
ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht Toghcháin (Leasú), 1998;  
ciallaíonn “Acht 1999” an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Sintiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999;  
ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001;  
ciallaíonn “Acht 2011” an tAcht Toghcháin (Leasú), 2011.

## CUID 2

### LEASÚ AR AN ACHT TOGHCHÁIN, 1992

Leasú ar alt 25 d’Acht 1992. 3.—Leasaítear alt 25 (a leasaíodh le halt 11 d’Acht 2001) d’Acht 1992—

(a) i bhfo-alt (7)—

(i) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (f) agus (g):

“(f) i gcás go bhfuil an páirtí cláraithe mar pháirtí atá eagraithe chun dul san iomaidh i dtoghcháin i gcuid shonraithe den Stát, tagairt don mhéid sin agus don chuid den Stát lena mbaineann,

(g) ainm aon ghrúpa polaitíochta de réir fho-alt (8), agus”,

agus

(ii) tríd an mír nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

“(h) ainm agus seoladh gach aonad cuntasaíochta de chuid an pháirtí polaitíochta agus ainm agus seoladh dhuine freagrach nó dhaoine freagracha an aonaid chuntasaíochta.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) San alt seo agus in alt 25A, tá le ‘aonad cuntasaíochta’ agus ‘duine freagrach’ an bhrí chéanna atá leo in alt 22 den Acht Toghcháin, 1997.”.

Leasú ar alt 25A d’Acht 1992. 4.—Leasaítear alt 25A (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2001) d’Acht 1992 tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) nuair a bheidh oifigeach an pháirtí ag tabhairt freagra ar fhiosrúchán faoi fho-alt (4) déanfaidh sé nó sí ainm agus seoladh gach aonad cuntasáíochta de chuid an pháirtí polaitíochta agus ainm agus seoladh dhuine freagrach nó dhaoine freagracha an aonaid chuntasáíochta a sholáthar don Chláraitheoir, lena n-áirítear aon athruithe a tharla le linn na tréimhse ón tráth is déanaí a soláthraíodh na sonraí don Chláraitheoir,

(b) déanfaidh an Cláraitheoir na sonraí arna soláthar faoi mhír (a) a thaifeadadh sa Chlár.”.

### CUID 3

#### LEASÚ AR AN ACHT TOGHCHÁIN, 1997

**5.**—Leasaítear alt 2 d’Acht 1997 trí na mínte seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1): Leasú ar alt 2 d’Acht 1997.

“ciallaíonn ‘Acht 1999’ an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999;

ciallaíonn ‘clár de shíntiúsóirí corparáideacha’ an clár arna bhunú faoi alt 23D (a cuireadh isteach le *halt 14* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta)*, 2012);”.

**6.**—Leasaítear alt 3 (a leasaíodh le *halt 7(a)* d’Acht 2011) d’Acht 1997 i bhfo-alt (1)— Leasú ar alt 3 d’Acht 1997.

(a) trí “23AA,” a chur isteach i ndiaidh “23A,”

(b) trí “23D,” a chur isteach i ndiaidh “23B,” agus

(c) trí “48AA,” a chur isteach i ndiaidh “48A.”

**7.**—Leasaítear alt 22 (2) d’Acht 1997—

Leasú ar alt 22 d’Acht 1997.

(a) i mír (a) (a leasaíodh le *halt 4* den *Acht Toghcháin (Leasú)*, 2002)—

(i) i bhfomhír (vi), trí “ón ócáid,” a chur in ionad “ón ócáid, nó”,

(ii) i bhfomhír (vii), trí “chun na críche deiridh sin, nó” a chur in ionad “chun na críche deiridh sin;”, agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vii):

“(viii) íocaíocht táille nó suibscríofa ag an duine, thar a cheann féin nó thar a ceann féin nó thar ceann duine eile nó daoine eile, is táille nó suibscríobh le haghaidh comhaltas, nó comhaltas leantach, de pháirtí polaitíochta;”.

agus

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

(b) i mír (aa) (a cuireadh isteach le halt 49(b)(ii) d'Acht 2001)—

(i) trí “€100” a chur in ionad “£100” sa mhíniú ar “aonad cuntasáíochta”,

(ii) trí “€100” a chur in ionad “£100” sa mhíniú ar “tríú páirtí”, agus

(iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn ‘síntiúsóir corparáideach’—

(i) comhlacht corpraithe,

(ii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó

(iii) iontaobhas,

a thugann síntiús, agus chun críche an mhínithe seo measfar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhochoimplacht dá chuid;”.

Leasú ar alt 23 d'Acht 1997.

**8.**—Leasaítear alt 23 (a leasaíodh le halt 49(c) d'Acht 2001) d'Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”.

Leasú ar alt 23A d'Acht 1997.

**9.**—Leasaítear alt 23A (a cuireadh isteach le halt 49(d) d'Acht 2001) d'Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Gan dochar d’fho-alt (2), ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

(a) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,

(b) comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

(c) iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach,

(d) páirtí polaitíochta,

(e) tríú páirtí, nó

(f) aonad cuntasáíochta,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, na nithe seo a leanas a ghlacadh ó dhuine áirithe i mbliain áirithe—

(i) síntiús ar mó a luach ná €1,000, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim mhír (a), (b), nó (c),

(ii) síntiús ar mó a luach ná €2,500, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim mhír (d), (e), nó (f), nó

(iii) síntiús airgid de mhéid ar mó é ná €200.”.



**10.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23A (a cuireadh isteach le halt 49(d) d’Acht 2001):

Teorainneacha le  
síntiús ó  
shíntiúsóirí  
corparáideacha.

“23AA.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,
- (b) comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach,
- (d) páirtí polaitíochta,
- (e) tríú páirtí, nó
- (f) aonad cuntasáochta,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, síntiús ar mó a luach ná €200 a ghlacadh ó shíntiúsóir corparáideach áirithe i mbliain áirithe, mura rud é—

- (i) go mbeidh an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa chlár de shíntiúsóirí corparáideacha, agus
- (ii) go ndéanfar thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh, agus go dtabharfar don deontáí i dteannta an tsíntiús, ráiteas á dhaingniú gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a thabhairt.

(2) Beidh ráiteas faoi fho-alt (1)(ii) san fhoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus beidh ag gabháil leis dearbhú reachtúil á rá go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé nó sí, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an ráiteas cruinn.

(3) Is duine de na daoine seo a leanas a dhéanfaidh ráiteas faoi fho-alt (1)(ii) agus dearbhú reachtúil faoi fho-alt (2):

- (a) i gcás cuideachta, stiúrthóir nó oifigeach eile don chuideachta;
- (b) i gcás comhlacht corpraithe (seachas cuideachta) nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh don chomhlacht de thuras na huaire;
- (c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas.

(4) D’ainneoin fho-alt (1), ní dhéanfar síntiús a thoirmeasc faoin bhfo-alt sin más rud é—

- (a) go ndéanfaidh soláthraí cláir oideachais agus oiliúna, nó
- (b) go ndéanfaidh aontas na mac léinn nó comhlacht ionadaitheach eile atá aitheanta ag soláthraí cláir oideachais agus oiliúna,

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

íocaíocht le club, le cumann nó le comhlacht eile atá ag oibriú le cead, agus in áitreabh, soláthraí cláir oideachais agus oiliúna agus ar mac léinn atá rollaithe nó cláraithe le soláthraí cláir oideachais agus oiliúna gach comhalta de.

(5) Más rud é go dtabharfaidh síntiúsóir corparáideach níos mó ná síntiús amháin—

- (a) sa bhliain chéanna don chomhalta céanna de cheachtar Teach den Oireachtas, don chomhalta céanna de Pharlaimint na hEorpa, don pháirtí polaitíochta céanna, don tríú páirtí céanna nó don aonad cuntasáíochta céanna, nó
- (b) don iarrthóir céanna i ndáil leis an toghchán Dála, Seanaid nó Eorpach céanna, nó i ndáil leis an reifreann nó leis an bhfeachtas céanna,

déanfar, chun críocha an ailt seo, na síntiúis sin go léir a chomhiomlánú agus a áireamh mar shíntiús amháin a fuair an duine lena mbaineann agus déanfar tagairtí i bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo, do shíntiús a dtairmistear le fo-alt (1) glacadh leis, a fhorléiriú dá réir sin.

(6) Más rud é, d'ainneoin fho-alt (1), go dtabharfar do dhuine dá dtagraítear san fho-alt sin síntiús a dtairmistear leis an bhfo-alt sin glacadh leis, déanfaidh an deontáí, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an síntiús a fháil—

- (a) an síntiús nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann, a thabhairt ar ais don síntiúsóir corparáideach agus taifead i scríbhinn a choimeád ar an síntiús sin a thabhairt ar ais d'fhonn an taifead a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, má éilfonn sé é, nó
- (b) fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i dtaobh an síntiús sin a fháil agus an síntiús, nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann nó luach na coda sin, a chur chuig an gCoimisiún.

(7) Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí an t-airgead, an mhaoín nó na hearraí go léir a gheofar faoi fho-alt (6) a dhiúscairt ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

(8) San alt seo—

ciallaíonn ‘cheadaigh an síntiúsóir corparáideach’—

- (a) go ndearnadh cruinniú ginearálta, arb é ceann de na cuspóirí atá leis breithniú a dhéanamh i dtaobh síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt, a thionól agus a stiúradh go cuí agus gur tugadh ceadú chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá siad i scríbhinn nó nach bhfuil) lena rialáítear riaradh agus rialú an tsíntiúsóra chorparáidigh lena mbaineann agus lena rialáiltear a ghníomhaíochtaí agus beidh sna rialacha sin—
- (i) i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta,

(ii) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht nó an ionstraim eile den tsamhail sin lena mbunaítear é,

(iii) i gcás comhlacht neamhchorpraithe daoine, rialacha (cibé tuairisc atá orthu) an chomhlachta,

nó

(b) go ndéanann iontaobhaí síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt de réir an ghníomhais iontaobhais lena bunáidh an t-iontaobhas lena mbaineann, ar gníomhas iontaobhais é lena gceadaítear síntiús den sórt sin a thabhairt;

tá le ‘soláthraí cláir oideachais agus oiliúna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 d’Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.”.

**11.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23AA (a cuireadh isteach le *halt 10* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta)*, 2012):

Síntiús ó idirghabhálaithe.

“23AB.—Déanfaidh duine a thugann síntiús thar ceann duine eile fógra i scríbhinn a thabhairt—

- (a) don chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,
- (b) don chomhalta de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) don iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach,
- (d) don pháirtí polaitíochta,
- (e) don tríú páirtí, nó
- (f) don aonad cuntasáíochta,

dá dtugtar an síntiús, ina luafar—

- (i) go bhfuil an síntiús á thabhairt thar ceann duine seachas an duine a thugann an síntiús, agus
- (ii) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine ar thar a cheann nó thar a ceann atá an síntiús á thabhairt.”.

**12.**—Leasaítear alt 23B (a cuireadh isteach le *halt 49(d)* d’Acht 2001) d’Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”. Leasú ar alt 23B d’Acht 1997.

**13.**—Leasaítear alt 23C (a cuireadh isteach le *halt 49(d)* d’Acht 2001) d’Acht 1997 trí “€100” a chur in ionad “£100”. Leasú ar alt 23C d’Acht 1997.

**14.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23C (a cuireadh isteach le *halt 49(d)* d’Acht 2001): Síntiúsóirí corparáideacha a chlárú.

“23D.—(1) Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí clár de shíntiúsóirí corparáideacha (dá ngairtear an

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

‘clár’ san alt seo) a bhunú agus a chothabháil i cibé foirm is cuí leis (lena n-áirítear foirm leictreonach).

(2) Maidir le síntiúsóir corparáideach a bheartaíonn síntiús ar mó a luach ná €200 a thabhairt, in aon bhliain áirithe, do dhuine dá dtagraítear—

- (a) i míreanna (a) go (f) d’alt 23AA(1), (a cuireadh isteach le *halt 10* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*),
- (b) i míreanna (a) go (c) d’alt 48AA(1), (a cuireadh isteach le *halt 22* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*), nó
- (c) i mír (a) nó i bhfomhíreanna (i) go (iii) de mhír (b) d’alt 19BB(1) d’Acht 1999 (a cuireadh isteach le *halt 32* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*),

déanfaidh sé iarratas, de réir an ailt seo, chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ar a bheith taifeadta sa chlár.

(3) Is san fhoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (a bhféadfaidh foirm leictreonach a bheith ar áireamh inti) a bheidh iarratas faoin alt seo agus—

- (a) beidh sé i scríbhinn,
- (b) luafar ann ainm agus seoladh an tsíntiúsóra chorporáidigh,
- (c) luafar ann ainm agus seoladh an duine atá freagrach as eagrú, bainistiú nó gnóthaí airgeadais an tsíntiúsóra chorporáidigh,
- (d) beidh ráiteas ann i dtaobh na gcuspóirí ar lena n-aghaidh a foirmíodh an síntiúsóir corparáideach,
- (e) beidh liosta ann de gach comhalta, scairshealbhóir nó iontaobhaí de chuid an tsíntiúsóra chorporáidigh amhail an 3lú lá de Nollaig roimh an iarratas faoin alt seo,
- (f) beidh ann, i gcás síntiúsóra chorporáidigh a foirmíodh ar nó roimh an gcéad lá d’Eanáir na bliana roimh an iarratas faoin alt seo—
  - (i) cóip dá ráiteas cuntas don bhliain sin, agus
  - (ii) más infheidhme, cóip den tuarascáil bhliantúil don bhliain sin.

(4) Beidh ag gabháil le hiarratas faoin alt seo dearbhú reachtúil go bhfuil, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé nó sí, an fhaisnéis arna soláthar faoi fho-alt (3) ceart i ngach ponc ábhartha agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an fhianaise cruinn.

(5) Is duine de na daoine seo a leanas (dá ngairtear an 'iarratasóir' san alt seo) a dhéanfaidh iarratas faoin alt seo agus dearbhú reachtúil faoi fho-alt (4):

- (a) i gcás cuideachta, stiúirthóir nó oifigeach eile don chuideachta;
- (b) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach eile don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigh don chomhlacht de thuras na huairé;
- (c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas.

(6) Is é nó í cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí nó duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gcathaoirleach (a dtabharfar 'oifigeach achomhairc' ar cheachtar díobh chun críocha an ailt seo) a éistfidh achomharc faoin alt seo agus déanfar duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoin bhfo-alt seo a cheapadh amhlaidh go ceann cibé tréimhse a chinnfidh an cathaoirleach.

(7) (a) Is comhalta d'fhoireann an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (ar a dtabharfar 'an cinnteoir' chun críocha an ailt seo) a bhreithneoidh iarratas faoin alt seo.

(b) I gcás go ndéanfaidh an cinnteoir, tar éis dó nó di iarratas faoin alt seo a bhreithniú, mionearráid nó mioneamnamh a aimsiú san iarratas, tabharfaidh sé nó sí fógra don iarratasóir i dtaobh mionsonraí faoin earráid nó faoin easnamh, de réir mar a bheidh, agus cuirfidh sé nó sí in iúl don iarratasóir go bhféadfaidh sé nó sí an earráid a cheartú nó an t-easnamh a shlánú tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a thabharfar an fógra don iarratasóir agus go mbreithneoidh an cinnteoir aon fhaisnéis bhreise a thabharfar amhlaidh sula dtabharfaidh sé nó sí breith i ndáil leis an iarratas.

(c) I gcás go gcinnfidh an cinnteoir, tar éis dó nó di iarratas faoin alt seo agus aon fhaisnéis bhreise arna tabhairt faoi mhír (b) a bhreithniú, an síntiúsóir corparáideach a chlárú agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna (b) go (f) d'fho-alt (3) a thairfeadh sa chlár, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir dá éis sin, fógra i dtaobh na breithe a thabhairt i scríbhinn don iarratasóir agus rachaidh sé nó sí ar aghaidh chun an síntiúsóir corparáideach a chlárú agus chun an fhaisnéis a thairfeadh sa chlár.

(d) I gcás go gcinnfidh an cinnteoir, tar éis dó nó di iarratas faoin alt seo agus aon fhaisnéis bhreise arna tabhairt faoi mhír (b) a bhreithniú, diúltú don iarratas toisc—

- (i) nach gcomhlíonann an t-iarratas, lena n-áirítear an dearbhú reachtúil faoi fho-alt (4), an t-alt seo, nó

[*Uimh. 36.*] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

- (ii) gur comhlacht de réir bhrí alt 19B(2)(b) d'Acht 1999 nó alt 23A(2)(b) nó 48A(2)(b), de réir mar a bheidh, an síntiúsóir corparáideach,

tabharfaidh an cinnteoir fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin mbreith agus faoin gcúis atá leis an mbreith agus cuirfidh sé nó sí in iúl don iarratasóir go bhféadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc in aghaidh na breithe tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a eiseofar an fógra chuig an iarratasóir.

- (8) (a) I gcás go ndéanfaidh an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith an chinnteora, déanfaidh sé nó sí amhlaidh i scríbhinn laistigh den tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(d), agus déanfaidh oifigeach achomhairc an fhaisnéis go léir a thabharfar i dteannta an iarratais bhunaidh, agus aon fhaisnéis bhreise a thabharfar i dteannta an achomhairc, a bhreithniú.

- (b) Tar éis breithniú a dhéanamh faoi mhír (a), cinnfidh an t-oifigeach achomhairc—

- (i) an bhreith arna tabhairt faoi fho-alt (7)(d) a chúlghairm agus a ordú don chinnteoir an síntiúsóir corparáideach a chlárú agus an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna (b) go (f) d'fho-alt (3) a thaifeadadh sa chlár, nó

- (ii) breith an chinnteora faoi fho-alt (7)(d) a dhaingniú.

- (c) Déanfaidh an t-oifigeach achomhairc, a luaithe is féidir tar éis dó nó di breith a thabhairt faoi mhír (b), fógra i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir faoin mbreith agus faoin gcúis atá leis an mbreith.

(9) Más rud é go dtiocfaidh sé ar iúl iarratasóra, maidir le sonra a bheidh taifeadta sa chlár agus a bhaineann le síntiúsóir corparáideach, nach bhfuil sé ceart nó go bhfuil sé scortha de bheith ceart, cuirfidh an t-iarratasóir an méid sin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, a luaithe is féidir, agus déanfaidh an Coimisiún cibé athrú ar an gclár a mheasfaidh sé is gá.

(10) Féadfaidh síntiúsóir corparáideach iarratas faoin alt seo a dhéanamh tráth ar bith i mbliain áirithe agus aon taifead a dhéantar sa chlár tar éis an iarratais, beidh sé bailí ar feadh na tréimhse suas go dtí an 31ú lá de Nollaig díreach tar éis an taifead a dhéanamh, agus an lá sin san áireamh.

(11) Féadfaidh síntiúsóir corparáideach a bheidh taifeadta sa chlár iarratas a dhéanamh, tráth nach luaithe ná 8 seachtaine roimh dhul in éag do thréimhse bhailíochta an taifid sa chlár faoi fho-alt (10), chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoin alt seo ar a bheith taifeadta sa chlár go ceann bliana breise díreach tar éis an dul in éag sin agus beidh feidhm ag an alt seo maidir le hiarratas den sórt sin.

(12) Maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, i ndáil le taifead sa chlár—

- (a) déanfaidh sé cóip den taifead, lena n-áirítear cóip de na doiciméid a sholáthraítear faoi mhíreanna (e) agus (f) d'fho-alt (3), a chur ar fáil lena hiniúchadh gan mhúirear ag an bpobal ag a phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre, agus
- (b) foilseoidh sé an fhaisnéis a gheofar ó iarratasóir faoi mhír (b), (c) agus (d) d'fho-alt (3) ar a shuíomh gréasáin.

(13) I bhfo-alt (3)(b), ciallaíonn ‘seoladh an tsíntiúsóra chorparáidigh’—

- (a) i gcás cuideachta, seoladh a hoifige cláraithe,
- (b) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, seoladh a phríomhoifige nó a phríomháite gnó, nó
- (c) i gcás iontaobhais, seoladh phríomhoifig nó phríomháit ghnó an iontaobhaí nó seoladh cónaithe an iontaobhaí.”.

15.—Leasaítear alt 24 d’Acht 1997—

Leasú ar alt 24  
d’Acht 1997.

(a) i mír (a) d’fho-alt (1)—

- (i) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii):

“(i) luach an tsíntiúis,

(ii) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine a thug an síntiús nó ar tugadh an síntiús thar a cheann nó thar a ceann,”

agus

- (ii) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) an dáta a fuarthas an síntiús,

(iv) an amhlaidh gur iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt, agus má iarradh, ainm agus seoladh poist an duine a d’iarr an síntiús, agus

(v) an amhlaidh gur eisíodh admháil chuig an síntiúsóir i leith an tsíntiúis, agus má eisíodh, an dáta a eisíodh an admháil agus ainm an duine a d’eisigh an admháil.”.

(b) i mír (a) d’fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le halt 50(g) d’Acht 2001), trí “€1,500” a chur in ionad “£4,000”, agus

(c) i bhfo-alt (2)—

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

(i) i mír (a), trí “(i) go (v)” a chur in ionad “(i) agus (ii)”, agus

(ii) i mír (b), trí “(i) go (v)” a chur in ionad “(i) agus (ii)” agus

(d) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “€1,500” a chur in ionad “£4,000”, agus

(ii) trí “€600” a chur in ionad “£500”.

16.—Leasaítear alt 25 d’Acht 1997—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a), trí “alt 23, 23A nó 23AA” a chur in ionad “alt 23 nó 23A”, agus

(ii) i mír (b)—

(I) trí “de réir an ailt sin 23, 23A nó 23AA” a chur in ionad “de réir an ailt sin 23 nó 23A”, agus

(II) trí “faoi alt 23A nó 23AA” a chur in ionad “faoi alt 23A”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1B) (a cuireadh isteach le halt 8 d’Acht 1998):

“(1C) Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé nó sí, go feasach, ráiteas atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a thabhairt, is ráiteas dá dtagraítear in alt 23AA(1)(ii) (a cuireadh isteach le halt 10 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012).

(1D) Beidh duine ciontach i gcion má dhéanann sé nó sí, go feasach, faisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi alt 23D (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012).

(1E) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go ndéanann sé nó sí alt 23AB (a cuireadh isteach le halt 11 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012) a shárú, nó

(b) go ndéanann sé nó sí, go feasach, faisnéis atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a thabhairt faoi alt 23AB.”.

(c) i bhfo-alt (2)(b), trí “i bhfo-alt (1)(d), (1A)(b), (1C), (1D) nó (1E)(b)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)(d) nó (1A)(b)”, agus

(d) i bhfo-alt (2A), (a cuireadh isteach le halt 4(c) den Acht Toghcháin (Leasú), 2002) trí “le halt 23, 23A nó 23AA” a chur in ionad “le halt 23 nó 23A”.



**17.**—Leasaítear alt 26 d’Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “€200” a chur in ionad “£4,000”. Leasú ar alt 26 d’Acht 1997.

**18.**—Leasaítear alt 46(2) d’Acht 1997 i mír (aa) (a cuireadh isteach le halt 49(f) d’Acht 2001)— Leasú ar alt 46 d’Acht 1997.

(a) trí “€100” a chur in ionad “£100” sa mhíniú ar “tríú páirtí”, agus

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn ‘síntiúsóir corparáideach’—

(a) comhlacht corpraithe,

(b) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó

(c) iontaobhas,

a thugann síntiús, agus chun críocha an mhínithe seo measfar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhochoimplacht dá chuid;”.

**19.**—Leasaítear alt 47 (a leasaíodh le halt 49(g) d’Acht 2001) d’Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”. Leasú ar alt 47 d’Acht 1997.

**20.**—Leasaítear alt 48 d’Acht 1997 i bhfo-alt (1)—

Leasú ar alt 48 d’Acht 1997.

(a) trí “€600” a chur in ionad “£500”,

(b) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) luach an tsíntiús,

(b) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine a thug an síntiús nó ar tugadh an síntiús thar a ceann nó thar a ceann,”,

agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) an dáta a fuarthas an síntiús,

(d) an amhlaidh gur iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt, agus má iarradh, ainm agus seoladh poist an duine a d’iarr an síntiús, agus

(e) an amhlaidh gur eisíodh admháil chuig an síntiúsóir maidir leis an síntiús, agus má eisíodh, an dáta a eisíodh an admháil agus ainm an duine a d’eisigh an admháil.”.

Leasú ar alt 48A  
d'Acht 1997.**21.**—Leasaítear alt 48A (a cuireadh isteach le halt 49(h) d'Acht 2001) d'Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Gan dochar d’fho-alt (2), ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) iarrthóir,
- (b) gníomhaire toghcháin uachtaráin, nó
- (c) tríú páirtí i dtoghchán uachtaráin,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, na nithe seo a leanas a ghlacadh ó dhuine áirithe i mbliain áirithe—

- (i) síntiús ar mó a luach ná €1,000, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim mhír (a) nó (b),
- (ii) síntiús ar mó a luach ná €2,500, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim mhír (c), nó
- (iii) síntiús airgid ar mó a mhéid ná €200.”.

Teorainneacha le  
síntiús ó  
shíntiúsóirí  
corparáideacha i  
ndáil le toghcháin  
uachtaráin.**22.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 48A (a cuireadh isteach le halt 49(h) d'Acht 2001):

“48AA.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) iarrthóir,
- (b) gníomhaire toghcháin uachtaráin, nó
- (c) tríú páirtí i dtoghchán uachtaráin,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, síntiús ar mó a luach ná €200 a ghlacadh ó shíntiúsóir corparáideach áirithe i mbliain áirithe, mura rud é—

- (i) go mbeidh an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa chlár de shíntiúsóirí corparáideacha, agus
- (ii) go ndéanfar thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh, agus go dtabharfar don deontaí i dteannta an tsíntiús, ráiteas á dhaingniú gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a thabhairt.

(2) Beidh ráiteas faoi fho-alt (1)(ii) san fhoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus beidh ag gabháil leis dearbhú reachtúil á rá go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé nó sí, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an ráiteas cruinn.

(3) Is duine de na daoine seo a leanas a dhéanfaidh ráiteas faoi fho-alt (1)(ii) agus dearbhú reachtúil faoi fho-alt (2):

- (a) i gcás cuideachta, stiúrthóir nó oifigeach eile don chuideachta;
- (b) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh don chomhlacht de thuras na huaire;
- (c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas.

(4) I gcás go dtabharfaidh síntiúsóir corparáideach níos mó ná síntiús amháin i ndáil leis an toghchán uachtaráin céanna don iarrthóir céanna, don ghníomhaire toghcháin uachtaráin céanna nó don tríú páirtí céanna, déanfar, chun críocha an ailt seo, na síntiúis sin go léir a chomhiomlánú agus a áireamh mar shíntiús amháin a fuair an duine lena mbaineann agus déanfar tagairtí, i bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo, do shíntiús a dtóirmistear le fo-alt (1) glacadh leis, a fhorléiriú dá réir sin.

(5) Más rud é, d'ainneoin fho-alt (1), go dtabharfar síntiús corparáideach a dtóirmistear leis an bhfo-alt sin glacadh leis do dhuine, do ghníomhaire nó do thríú páirtí, de réir mar a bheidh, nó, i gcás síntiús don duine chéadluaite a thabharfar tar éis dó nó di ghníomhaire toghcháin uachtaráin a cheapadh, déanfaidh an ghníomhaire toghcháin uachtaráin, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an síntiús a fháil—

- (a) an síntiús nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann, a thabhairt ar ais don síntiúsóir corparáideach agus taifead i scríbhinn a choimeád ar an síntiús sin a thabhairt ar ais chun an taifead a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, má éilíonn sé é, nó
- (b) fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i dtaobh an síntiús a fháil agus an síntiús, nó, i gcás síntiús is síntiús airgid, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann nó luach na coda sin, a chur chuig an gCoimisiún.

(6) Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí an t-airgead, an mhaoin nó na hearraí go léir a gheofar faoi fho-alt (5) a dhiúscairt ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

(7) San alt seo, ciallaíonn ‘cheadaigh an síntiúsóir corparáideach’—

- (a) go ndearnadh cruinniú ginearálta, ar ceann de na cuspóirí atá leis breithniú a dhéanamh i dtaobh síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt, a thionól agus a stiúradh go cuí agus gur tugadh ceadú chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá siad i scríbhinn nó nach bhfuil) lena rialaítear riaradh agus rialú an tsíntiúsóra chorparáidigh lena mbaineann agus lena rialáiltear a ghníomhaíochtaí agus beidh sna rialacha sin—
  - (i) i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta,

[*Uimh. 36.*] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

(ii) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht nó an ionstraim eile den tsamhail sin lena mbunaítear é,

(iii) i gcás comhlacht neamhchorpraithe daoine, rialacha (cibé tuairisc atá orthu) an chomhlachta,

nó

(b) go ndéanann iontaobhaí síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt de réir an ghníomhais iontaobhais lenar bunaíodh an t-iontaobhas lena mbaineann, ar gníomhas iontaobhais é lena gceadaítear síntiús den sórt sin a thabhairt.”.

Síntiús ó idirghabhálaithe i dtoghchán uachtaráin.

**23.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 48AA (a chuirtear isteach le *halt 22* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*):

“48AB.—Déanfaidh duine a thugann síntiús thar ceann duine eile fógra i scríbhinn a thabhairt—

(a) don iarrthóir,

(b) don ghníomhaire toghcháin uachtaráin, nó

(c) don tríú páirtí i dtoghchán uachtaráin,

dá dtabharfar an síntiús, agus luafar san fhágra—

(i) go bhfuil an síntiús á thabhairt thar ceann duine seachas an duine ag a bhfuil an síntiús á thabhairt, agus

(ii) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine ar thar a cheann nó thar a ceann atá an síntiús á thabhairt.”.

Leasú ar alt 48B d’Acht 1997.

**24.**—Leasaítear alt 48B (a cuireadh isteach le *halt 49(h)* d’Acht 2001) d’Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”.

Leasú ar alt 48C d’Acht 1997.

**25.**—Leasaítear alt 48C (a cuireadh isteach le *halt 49(h)* d’Acht 2001) d’Acht 1997 trí “€100” a chur in ionad “£100”.

Leasú ar alt 61 d’Acht 1997.

**26.**—Leasaítear alt 61 d’Acht 1997—

(a) i bhfo-alt (2) (a leasaíodh le *halt 7(c)* d’Acht 2011)—

(i) i mír (*h*) trí “47, 48A nó 48AA” a chur in ionad “47 nó 48A”, agus

(ii) i mír (*i*)—

(I) trí “de réir alt 47, 48A nó 48AA” a chur in ionad “de réir alt 47 nó 48A”, agus

(II) trí “faoi alt 48A nó 48AA” a chur in ionad “faoi alt 48A”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Beidh duine ciontach i gcion má thugann sé nó sí, go feasach, ráiteas dá dtagraítear in alt 48AA(1)(ii) (a cuireadh isteach le *halt 22* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*) agus atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.”

(2B) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go ndéanann sé nó sí alt 48AB (a cuireadh isteach le *halt 23* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*) a shárú, nó

(b) go ndéanann sé nó sí, go feasach, faisnéis a thabhairt faoi alt 48AB atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.”,

agus

(c) i bhfo-alt (5)(b), trí “i bhfo-alt 2(d) nó (g), i bhfo-alt (2A), (2B)(b) nó i bhfo-alt 3(c)” a chur in ionad “i bhfo-alt 2(d) nó (g) nó i bhfo-alt 3(c)”.

**27.**—Leasaítear alt 71 d’Acht 1997 i bhfo-alt (1) trí “Chodanna III, IV, V agus IX (a cuireadh isteach le *halt 41* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*)” a chur in ionad “Chodanna III, IV agus V”. Leasú ar alt 71 d’Acht 1997.

#### CUID 4

##### LEASÚ AR AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH), 1999

**28.**—Leasaítear alt 2(1) d’Acht 1999 sa mhíniú ar “síntiús”— Leasú ar alt 2 d’Acht 1999.

(a) i mír (e), trí “an praghas tráchtála,” a chur in ionad “an praghas tráchtála, agus”,

(b) i mír (f), trí “ón ócáid, agus” a chur in ionad “ón ócáid”, agus

(c) tríd an mír nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(g) íocaíocht táille nó suibscríofa ag an duine, thar a cheann féin nó thar a ceann féin nó thar ceann duine eile nó daoine eile, is táille nó suibscríobh le haghaidh comhaltas, nó comhaltas leantach, de pháirtí polaitíochta.”

**29.**—Leasaítear alt 13 d’Acht 1999 i bhfomhír (i) d’fho-alt (1)(c) trí “€600” a chur in ionad “£500”. Leasú ar alt 13 d’Acht 1999.

**30.**—Leasaítear alt 19A (a cuireadh isteach le *halt 58(m)* d’Acht 2001) d’Acht 1999 trí— Leasú ar alt 19A d’Acht 1999.

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

(a) “€100” a chur in ionad “£100” sa mhíniú ar “tríú páirtí,” agus

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí;

ciallaíonn ‘síntiúsóir corparáideach’—

- (a) comhlacht corpraithe,
- (b) comhlacht neamhchorpraithe daoine, nó
- (c) iontaobhas,

a thugann síntiús, agus chun críocha an mhínithe seo measfar gur duine amháin comhlacht corpraithe agus aon fhoichomhlacht dá chuid;

ciallaíonn ‘clár de shíntiúsóirí corparáideacha’ an clár arna bhunú faoi alt 23D (a cuireadh isteach le *halt 14* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*) d’Acht 1997;”.

Leasú ar alt 19B d’Acht 1999.

**31.**—Leasaítear alt 19B (a cuireadh isteach le *halt 58(m)* d’Acht 2001) d’Acht 1999—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) (a) Gan dochar d’fho-alt (2), ní dhéanfaidh iarrthóir i dtoghchán, go díreach nó trí aon idirghabhálaí, na nithe seo a leanas a ghlacadh ó dhuine áirithe i dtaca leis an toghchán—

- (i) síntiús ar mó a luach ná €1,000, nó
- (ii) síntiús airgid ar mó a mhéid ná €200.

(b) Gan dochar d’fho-alt (2), ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

- (i) comhalta d’údarás áitiúil,
- (ii) páirtí polaitíochta, nó
- (iii) tríú páirtí,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, na nithe seo a leanas a ghlacadh ó dhuine áirithe i mbliain áirithe—

- (I) síntiús ar mó a luach ná €1,000, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim fhomhír (i),
- (II) síntiús ar mó a luach ná €2,500, i gcás go dtagann an duine céadluaite faoi réim fhomhír (ii) nó (iii), nó

(III) síntiús airgid ar mó a mhéid ná €200.”,

agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “€1,000 nó €2,500” a chur in ionad “£2,000 nó £5,000”.

**32.**—Leasaítear Acht 1999 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19B (a cuireadh isteach le halt 58(m) d’Acht 2001) d’Acht 1999:

Teorainneacha le  
síntiús ó  
shíntiúsóirí  
corparáideacha.

“19BB.—(1) (a) Ní dhéanfaidh iarrthóir i dtoghchán, go díreach nó trí aon idirghabhálaí, síntiús ar mó a luach ná €200 a ghlacadh, i dtaca leis an toghchán, ó shíntiúsóir corparáideach áirithe, mura rud é—

(i) go mbeidh an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa chlár de shíntiúsóirí corparáideacha, agus

(ii) go ndéanfar thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh, agus go dtabharfar don deontáí i dteannta an tsíntiús, ráiteas á dhaingniú gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a thabhairt.

(b) Ní dhéanfaidh aon duine de na daoine seo a leanas, eadhon—

(i) comhalta d’údarás áitiúil,

(ii) páirtí polaitíochta, nó

(iii) tríú páirtí,

go díreach nó trí aon idirghabhálaí, síntiús is mó ná €200 a ghlacadh ó shíntiúsóir corparáideach áirithe i mbliain áirithe, mura rud é—

(I) go mbeidh an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa chlár de shíntiúsóirí corparáideacha, agus

(II) go ndéanfar thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh, agus go dtabharfar don deontáí i dteannta an tsíntiús, ráiteas á dhaingniú gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a thabhairt.

(2) Beidh ráiteas faoi fhomhír (ii) d’fho-alt (1)(a) nó faoi fhomhír (II) d’fho-alt (1)(b) san fhoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus beidh ag gabháil leis dearbhú reachtúil á rá go bhfuil an ráiteas ceart i ngach ponc ábhartha, de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé nó sí, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta ag an duine chun bheith deimhin de go bhfuil an ráiteas cruinn.

(3) Maidir le ráiteas faoi fhomhír (ii) d’fho-alt (1)(a) nó faoi fhomhír (II) d’fho-alt (1)(b) agus dearbhú reachtúil dá dtagraítear i bhfo-alt (2), is duine de na daoine seo a leanas a dhéanfaidh é:

(a) i gcás cuideachta, stiúrthóir na cuideachta nó oifigeach eile don chuideachta;

(b) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, aon oifigeach don chomhlacht nó aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh don chomhlacht de thuras na huairé;

(c) i gcás iontaobhais, iontaobhaí don iontaobhas.

(4) D'ainneoin fho-alt (1), ní dhéanfar síntiús a thoirmeasc faoin bhfo-alt sin más rud é—

(a) go ndéanfaidh soláthraí cláir oideachais agus oiliúna, nó

(b) go ndéanfaidh aontas na mac léinn nó comhlacht ionadaitheach eile atá aitheanta ag soláthraí cláir oideachais agus oiliúna,

íocaíocht le club, le cumann nó le comhlacht eile atá ag oibriú le cead, agus in áitreabh, an tsoláthraí cláir oideachais agus oiliúna, agus gur mac léinn atá rollaithe nó cláraithe leis an soláthraí cláir oideachais agus oiliúna gach comhalta de.

(5) I gcás go dtabharfaidh síntiúsóir corparáideach níos mó ná síntiús amháin sa bhliain chéanna don chomhalta céanna d'údarás áitiúil nó, i ndáil leis an toghchán céanna, leis an bpobalbhreith chéanna nó leis an bhfeachtas céanna, don iarrthóir céanna nó don pháirtí polaitíochta céanna, nó, i dtaca leis an toghchán céanna, leis an bpobalbhreith chéanna nó leis an bhfeachtas céanna, don tríú páirtí céanna, déanfar, chun críocha an ailt seo, na síntiúis sin go léir a chomhiomlánú agus a áireamh mar shíntiús amháin a fuair an duine lena mbaineann agus déanfar tagairtí i bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo, do shíntiús a dtoirmisctear le fo-alt (1) glacadh leis, a fhorléiríú dá réir sin.

(6) Más rud é, d'ainneoin fho-alt (1), go dtabharfar do dhuine dá dtagraítear san fho-alt sin síntiús a dtoirmisctear leis an bhfo-alt sin glacadh leis, déanfaidh an deontáí, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an síntiús a fháil—

(a) an síntiús nó, i gcás síntiús dá dtagraítear i bhfo-alt (1), ar síntiús airgid é, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann, a thabhairt ar ais don síntiúsóir corparáideach agus taifead i scríbhinn a choimeád den síntiús sin a thabhairt ar ais d'fhonn an taifead a thabhairt don údarás áitiúil lena mbaineann, má éilíonn sé é, nó

(b) fógra a thabhairt don údarás áitiúil lena mbaineann i dtaobh an síntiús sin a fháil agus an síntiús, nó i gcás síntiús dá dtagraítear i bhfo-alt (1), ar síntiús airgid é, an chuid de is mó ná an teorainn lena mbaineann nó luach na coda sin, a chur ar aghaidh chuig an údarás áitiúil.

(7) Déanfaidh údarás áitiúil an t-airgead, an mhaoin nó na hearraí go léir a gheobhaidh sé faoi fho-alt (6) a dhiúscairt ar cibé slí a chinnfidh sé.

(8) San alt seo—

ciallaíonn 'cheadaigh an síntiúsóir corparáideach'—

(a) go ndearnadh cruinniú ginearálta, ar ceann de na cuspóirí atá leis breithniú a dhéanamh i dtaobh síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt, a thionól agus a stiúradh go cuí agus gur tugadh ceadú



chun an síntiús a thabhairt de réir na rialacha (cibé acu atá siad i scríbhinn nó nach bhfuil) lena rialaítear riaradh agus rialú an tsíntiúsóra chorparáidigh lena mbaineann agus lena rialáiltear a ghníomhaíochtaí agus beidh sna rialacha sin—

- (i) i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta,
  - (ii) i gcás comhlacht corpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht nó an ionstraim eile den tsamhail sin lena mbunaítear é,
  - (iii) i gcás comhlacht neamhchorpraithe daoine, rialacha (cibé tuairisc atá orthu) an chomhlachta,
- (b) go ndéanann iontaobhaí síntiús lena mbaineann an t-alt seo a thabhairt de réir an ghníomhais iontaobhais lena bunáidh an t-iontaobhas lena mbaineann, ar gníomhas iontaobhais é lena gceadaítear síntiús den sórt sin a thabhairt;

tá le ‘soláthraí cláir oideachais agus oiliúna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 d’Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.”.

**33.**—Leasaítear Acht 1999 tríd an alt nua seo a leanas a chur Síntiús ó idirghabhálaithe. isteach i ndiaidh alt 19BB (a chuirtear isteach le *halt 32 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*):

“19BC.—(1) Tabharfaidh duine a thugann síntiús thar ceann duine eile fógra i scríbhinn don iarrthóir i dtoghchán dá dtabharfar an síntiús, ina luafar—

- (a) go bhfuil an síntiús á thabhairt thar ceann duine seachas an duine a thugann an síntiús, agus
- (b) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine a bhfuil an síntiús á thabhairt thar a cheann nó thar a ceann.

(2) Déanfaidh duine a thabharfaidh síntiús thar ceann duine eile fógra i scríbhinn a thabhairt—

- (a) don chomhalta d’údarás áitiúil,
- (b) don pháirtí polaitíochta, nó
- (c) don tríú páirtí,

dá dtabharfar an síntiús, ina luafar—

- (i) go bhfuil an síntiús á thabhairt thar ceann duine seachas an duine a thugann an síntiús, agus
- (ii) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine ar thar a cheann nó thar a ceann atá an síntiús á thabhairt.”.

- Cd.4 [Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*
- Leasú ar alt 19C d'Acht 1999. **34.**—Leasaítear alt 19C (a cuireadh isteach le halt 58(*m*) d'Acht 2001) d'Acht 1999 i bhfo-alt (1) trí “19BB,” a chur isteach i ndiaidh “19B.”
- Leasú ar alt 19D d'Acht 1999. **35.**—Leasaítear alt 19D (a cuireadh isteach le halt 58(*m*) d'Acht 2001) d'Acht 1999 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”.
- Leasú ar alt 19E d'Acht 1999. **36.**—Leasaítear fo-alt (1) d'alt 19E (a cuireadh isteach le halt 58(*m*) d'Acht 2001) d'Acht 1999—
- (a) trí “€600” a chur in ionad “£500”,
- (b) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii):
- “(i) luach an tsíntiúis,
- (ii) ainm, tuairisc agus seoladh poist an duine a thug an síntiús nó ar tugadh an síntiús thar a cheann nó thar a ceann,”
- agus
- (c) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):
- “(iii) an dáta a fuarthas an síntiús,
- (iv) an amhlaidh gur iarradh ar an síntiúsóir an síntiús a thabhairt, agus má iarradh, ainm agus seoladh poist an duine a d'iarr an síntiús, agus
- (v) an amhlaidh gur eisíodh admháil chuig an síntiúsóir maidir leis an síntiús, agus má eisíodh, an dáta a eisíodh an admháil agus ainm an duine a d'eisigh an admháil.”
- Leasú ar alt 19F d'Acht 1999. **37.**—Leasaítear alt 19F (a cuireadh isteach le halt 58(*m*) d'Acht 2001) d'Acht 1999 i bhfo-alt (1) trí “€100” a chur in ionad “£100”.
- Leasú ar alt 19G d'Acht 1999. **38.**—Leasaítear alt 19G (a cuireadh isteach le halt 58(*m*) d'Acht 2001) d'Acht 1999 trí “€100” a chur in ionad “£100”.
- Leasú ar alt 21 d'Acht 1999. **39.**—Leasaítear alt 21 d'Acht 1999—
- (a) i bhfo-alt (4B) (a cuireadh isteach le halt 58(*o*) d'Acht 2001)—
- (i) i mír (a), trí “alt 19B, 19BB nó 19F” a chur in ionad “alt 19B nó 19F”,
- (ii) i mír (b), trí “alt 19B, 19BB nó 19F” a chur in ionad “alt 19B nó 19F”, agus
- (iii) trí na míreanna nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(bb) go ndéanfaidh sé nó sí, go feasach, ráiteas a thabhairt dá dtagraítear i bhfomhír (ii) d’alt 19BB(1)(a) nó clásal (II) d’alt 19BB (1)(b) (a cuireadh isteach le *halt 32* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha,

(bc) go sáróidh sé nó sí alt 19BC(1) nó (2) (a cuireadh isteach le *halt 33* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012*), nó

(bd) go ndéanfaidh sé nó sí, go feasach, faisnéis a thabhairt faoi alt 19BC (1) nó (2) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.”,

agus

(b) i bhfo-alt (5) (a leasaíodh le *halt 8(e)* den *Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2009*)—

(i) i mír (a), trí “nó faoi alt 19B, 19BB, 19 BC, 19D,” a chur in ionad “nó faoi alt 19B, 19D”, agus

(ii) i mír (a)(ii), trí “(4A)(b), (4B)(bb), (4B) (bd), nó (4B)(d)” a chur in ionad “(4A)(b) nó (4B)(d)”.

## CUID 5

### PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA — CUNTAIS A NOCHTADH

**40.**—(1) Leasaítear alt 19 d’Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4): Leasú ar alt 19 d’Acht 1997.

“(5) Ní dhéanfar aon íocaíochtaí faoin alt seo ón gcéad lá d’Eanáir in aon bhliain mura mbeidh agus go dtí go mbeidh—

(a) ráiteas cuntas bliantúil agus cóip de thuarascáil an iniúchóra arna dtabhairt de réir alt 87 don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, agus

(b) fógra arna thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, de réir alt 88(4), á rá gur deimhin leis go gcomhlíonann an ráiteas cuntas bliantúil iomchuí Cuid IX agus na treoirlínte faoi alt 89.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 31ú lá de Nollaig tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (3) d’alt 86 d’Acht 1997 maidir leis na chéad chuntais a cheanglaítear a iniúchadh faoin alt sin.

**41.**—Leasaítear Acht 1997 tríd an gCuid nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid VIII: Páirtithe polaitíochta — cuntais a nochtadh.

## “CUID IX

## PÁIRTITHE POLAITÍOCHTA — CUNTAIS A NOCHTADH

- Léiriú (Cuid IX).
- 83.—Sa Chuid seo—
- forléireofar ‘ráiteas cuntas bliantúil’ de réir alt 85;
- ciallaíonn ‘Coimisiún’ an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;
- ciallaíonn ‘bliain airgeadais’ tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig;
- ciallaíonn ‘treoiríníte’ treoiríníte arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún faoi alt 89.
- An dualgas leabhair chuntas chuí a choimeád.
- 84.—(1) Déanfaidh an t-oifigeach cúí de chuid páirtí polaitíochta, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, na leabhair chuntas is cúí agus is gnách de chuid an pháirtí polaitíochta lena mbaineann a choimeád i cibé foirm, lena n-áirítear foirm leictreonach, a leagfar amach i dtreoiríníte.
- (2) Maidir le leabhair chuntas a choimeádfar faoi fho-alt (1), is leabhair chuntas iad—
- (a) ina nochtfar tráth ar bith, go réasúnta cruinn, staid airgeadais an pháirtí polaitíochta an tráth sin, agus
- (b) lena gcumasófar don oifigeach cúí a chinntiú go gcomhlíonann an ráiteas cuntas bliantúil na treoiríníte.
- (3) Déanfaidh an t-oifigeach cúí leabhair chuntas arna gcoimeád faoi fho-alt (1) a shlánchoimeád go ceann tréimhse 6 bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.
- (4) I gcás go scoirfidh páirtí polaitíochta de bheith cláraithe faoi alt 25 d’Acht 1992 le linn na tréimhse 6 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (3), leanfaidh an oibleagáid a chinntiú go ndéanfar leabhair chuntas a shlánchoimeád faoin bhfo-alt sin de bheith á hurscaoileadh ag an oifigeach cúí deireanach de chuid an pháirtí polaitíochta mura rud é go dtoileoidh an Coimisiún i scríbhinn leis na taifid a mhilleadh nó a dhiúscairt ar shlí éigin eile.
- Ráiteas cuntas bliantúil.
- 85.—(1) Déanfaidh an t-oifigeach cúí ráiteas cuntas (dá ngairtear an ‘ráiteas cuntas bliantúil’ sa Chuid seo) a ullmhú i leith an pháirtí polaitíochta lena mbaineann maidir le gach bliain airgeadais.
- (2) Maidir leis an ráiteas cuntas bliantúil—
- (a) comhlíonfaidh sé cibé ceanglais maidir lena fhoirm agus maidir leis na hábhair a bheidh ann dá bhforálfar i dtreoiríníte, agus

(b) déanfaidh an coiste feidhmiúcháin nó an comhlacht dá shamhail arna thoghadh ag an bpáirtí é a cheadú.

Iniúchadh bliantúil ar chuntais.

86.—(1) Déanfaidh iniúcháir poiblí cuntais páirtí polaitíochta i leith bliana airgeadais a iniúchadh.

(2) Is iad na cuntais i leith na chéad bhliana airgeadais a thosóidh tar éis treoirlínte a fhoilsiú na chéad chuntais a cheanglaítear a iniúchadh faoi fho-alt (1).

(3) Déanfar iniúchadh faoin alt seo faoi dheireadh na tréimhse 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais iomchuí.

(4) Más dealraitheach don Choimisiún nach ndearnadh aon chuntais a cheanglaítear a iniúchadh faoi fho-alt (1) a iniúchadh go cuí laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (3), féadfaidh an Coimisiún iniúcháir poiblí a cheapadh chun na cuntais a iniúchadh.

(5) Féadfaidh an Coimisiún na caiteachais a thabhófar le linn do dhuine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt (4) iniúchadh a dhéanamh, lena n-áirítear luach saothair an iniúcháir, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón bpáirtí polaitíochta lena mbaineann.

(6) San alt seo, ciallaíonn ‘iniúcháir poiblí’ iniúcháir poiblí chun críocha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978 agus Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 1977.

Ráiteas cuntas bliantúil etc. a thabhairt don Choimisiún.

87.—(1) Déanfaidh an t-oifigeach cuí, tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dá bhforáiltear in alt 86(3), na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún—

(a) an ráiteas cuntas bliantúil, agus

(b) cóip de thuarascáil an iniúcháir (mura rud é gur cheap an Coimisiún an t-iniúcháir faoi alt 86(4)),

de chuid an pháirtí polaitíochta lena mbaineann.

(2) Féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ón oifigeach cuí, an tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (1) a fhadú, trí fhógra i scríbhinn, de cibé tréimhse bhreise nach faide ná 14 lá is cuí leis.

(3) Coimeádfaidh an Coimisiún doiciméid a thabharfar don Choimisiún faoin alt seo go ceann cibé tréimhse is cuí leis.

Athbhreithniú ag an gCoimisiún.

88.—(1) Breithneoidh an Coimisiún gach ráiteas cuntas bliantúil agus gach tuarascáil iniúcháir arna thabhairt nó arna thabhairt dó faoi alt 87 agus, i gcás gur cuí leis déanamh amhlaidh,

tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn do Chathaoirleach na Dála i dtaobh aon ní a éireoidh i ndáil le ráiteas nó le tuarascáil den sórt sin.

(2) Más rud é, tar éis dó ráiteas cuntas bliantúil arna thabhairt dó faoi alt 87 a bhreithniú, go n-aimseoidh an Coimisiún mionearráid nó mioneamnamh sa ráiteas, tabharfaidh an Coimisiún mionsonraí faoin earráid nó faoin easnamh, de réir mar a bheidh, don oifigeach cuí a thug an ráiteas agus cuirfidh an Coimisiún in iúl don oifigeach cuí go bhféadfaidh sé nó sí an earráid a cheartú nó an t-easnamh a shlánú laistigh den tréimhse 14 lá ón dáta a eiseofar an fógra chuig an oifigeach cuí lena mbaineann.

(3) (a) Más rud é gurb é tuairim an Choimisiúin, tar éis dó ráiteas cuntas bliantúil arna thabhairt dó faoi alt 87 a bhreithniú, nach gcomhlíonann an ráiteas cuntas na treoirlínte, tabharfaidh an Coimisiún don oifigeach cuí fógra i scríbhinn ina mbeidh mionsonraí faoin neamhchomhlíonadh agus cuirfidh an Coimisiún in iúl don oifigeach cuí go bhféadfaidh sé nó sí tráchtaí a thabhairt don Choimisiún maidir leis an ní laistigh de 14 lá ón dáta a eiseofar an fógra chuig an oifigeach cuí agus go mbreithneoidh an Coimisiún aon tráchtaí den sórt sin roimh an ní a bhreithniú tuilleadh.

(b) Más rud é go dtabharfaidh an t-oifigeach cuí don Choimisiún a thráchtaí nó a tráchtaí maidir leis an ní dá dtagraítear san fhógra arna thabhairt faoi mhír (a) laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na tráchtaí sin.

(c) Más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar aon tráchtaí a gheobhaidh an Coimisiún faoi mhír (a), nó i gcás go mainneoidh an t-oifigeach cuí aon tráchtaí a dhéanamh faoin mír sin, go leanfaidh an Coimisiún de bheith den tuairim go bhféadfadh sé nár comhlíonadh na treoirlínte déanfaidh sé an ní (mar aon le haon doiciméad iomchuí nó aon rud eile a bheidh ina sheilbh) a thuairisciú don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus do Chathaoirleach na Dála.

(4) I gcás gur deimhin leis an gCoimisiún go gcomhlíonann an ráiteas cuntas bliantúil an Chuid seo agus na treoirlínte, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dá réir sin.

(5) Féadfaidh an Coimisiún cibé fiosruithe a dhéanamh is cuí leis agus féadfaidh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud a thabhairt a bheidh i seilbh an duine nó ar fáil aige nó aici agus a theastóidh ón gCoimisiún chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin gCuid seo.

(6) I gcás go mainneoidh an t-oifigeach cuí alt 87 a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún—

- (a) ráiteas á rá sin a thabhairt do Chathaoirleach na Dála agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus
- (b) mionsonraí faoin neamhchomhlíonadh a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Treoirlínte.

89.—(1) D'fhonn treoir phraiticiúil a thabhairt do pháirtithe polaitíochta maidir le leabhair chuntas chuí a choimeád agus maidir leis an ráiteas cuntas bliantúil agus tuarascáil an iniúcháora a ullmhú, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú.

(2) Sula bhfoilseoidh an Coimisiún treoirlínte faoin alt seo—

- (a) gheobhaidh sé toiliú an Aire,
- (b) féadfaidh sé dréacht de na treoirlínte a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an gCoimisiún agus tabharfaidh sé do dhaoine 28 lá ó dháta foilsithe na ndr éacht-treoirlínte, nó cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 28 lá, is cuí leis an gCoimisiún dá lánrogha féin, chun uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an gCoimisiún i ndáil leis na dréacht-treoirlínte, agus
- (c) tar éis comhairliúcháin agus, más iomchuí, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na huiríll más ann, a dhéanfar, déanfaidh sé na dréacht-treoirlínte a chur faoi bhráid an Aire chun go dtoileoidh sé nó sí lena bhfoilsiú faoin alt seo, fara modhnú nó gan mhodhnú.

(3) I gcás go bhfoilseoidh an Coimisiún treoirlínte, foilseoidh sé fógra faoin bhfoilsiú sin san *Iris Oifigiúil* agus maidir leis an bhfógra sin—

- (a) léireofar na treoirlínte ann,
- (b) sonrúfar ann na nithe a bhaineann leis na leabhair chuntas agus leis an ráiteas cuntas bliantúil a bhfuil na treoirlínte á bhfoilsiú ina leith, agus

[Uimh. 36.] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.] Polaitíochta), 2012.*

(c) sonrófar ann an dáta a thiocfaidh na treoirlínte i ngníomh.

(4) Féadfaidh an Coimisiún, le toiliú an Aire, agus tar éis dul i gcomhairle le haon duine eile nó le haon chomhlacht eile is cuí leis an gCoimisiún nó a ordóidh an tAire, aon treoirlínte arna n-ullmhú agus arna bhfoilsíú aige faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.

(5) I gcás go leasóidh nó go gcúlghairfidh an Coimisiún treoirlínte arna bhfoilsíú faoin alt seo, foilseoidh sé fógra faoin leasú nó faoin gcúlghairm, de réir mar a bheidh, san *Iris Oifigiúil*.

(6) Déanfaidh an Coimisiún, a luaithe is indéanta tar éis dó treoirlínte a fhoilsíú—

(a) cóip de na treoirlínte, agus i gcás go mbeifear tar éis treoirlínte a leasú, cóip de na treoirlínte arna leasú amhlaidh, a thabhairt do gach páirtí polaitíochta, agus

(b) na nithe seo a leanas a chur ar fáil lena n-íniúchadh gan mhúirear ag an bpobal ag a phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin—

(i) cóip de na treoirlínte, agus

(ii) i gcás go mbeifear tar éis treoirlínte a leasú, cóip de na treoirlínte arna leasú amhlaidh.

An pobal d'íniúchadh ráitis chuntas bhliantúla.

90.—A luaithe is indéanta le réasún tar éis ráiteas cuntas bliantúil agus tuarascáil iniúchóra a fháil faoi alt 87, déanfaidh an Coimisiún cóip den ráiteas agus den tuarascáil a chur ar fáil lena n-íniúchadh gan mhúirear ag an bpobal ag a phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.”.

## CUID 6

### MAOINIÚ STÁIT AR PHÁIRTITHE POLAITÍOCHTA AGUS COTHROMAÍOCHT INSCNE

Leasú ar alt 17 d'Acht 1997.

**42.**—Leasaítear alt 17 d'Acht 1997—

(a) i bhfomhír (i) d'fho-alt (2)(b):

(i) trí “méadú nó laghdú ginearálta” a chur in ionad “méadú ginearálta”, agus

(ii) “a mhéadú nó a laghdú” a chur in ionad “a mhéadú”,

(b) i bhfo-alt (4)—



- (i) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):

“(b) ainm gach iarrthóra a toghadh,

- (c) ainm gach iarrthóra nár toghadh agus ar mó ná aon cheathrú den chuóta an líon is mó vótaí a creidiúnaíodh dó nó di ag aon chéim den chomhaireamh vótaí, agus”,

agus

- (ii) tríd an mír nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) inscne gach iarrthóra,”,

agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A) (a cuireadh isteach le halt 50(c)(iv) d’Acht 2001):

“(4B) (a) Déanfar íocaíochtaí arna ríomh de réir na Coda seo a laghdú de 50 faoin gcéad, mura rud é gur mhná iad 30 faoin gcéad ar a laghad, agus gurbh fhir iad 30 faoin gcéad ar a laghad, de na hiarrthóirí a ndearna an páirtí cáilithe a n-iarrthóireachtaí a fhíordheimhniú san olltoghchán roimhe sin.

- (b) Maidir le mír (a)—

- (i) tiocfaidh sí i ngníomh an lá vótaíochta san olltoghchán is túisce a dhéanfar tar éis *d’alt 42 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012* teacht i ngníomh, agus

- (ii) scoirfidh sí d’éifeacht a bheith léi an lá vótaíochta san olltoghchán is túisce a dhéanfar tar éis 7 mbliana a bheith caite ón lá vótaíochta a shonraítear i bhfomhír (i).

- (c) Déanfar íocaíochtaí arna ríomh de réir na Coda seo a laghdú de 50 faoin gcéad, mura rud é gur mhná iad 40 faoin gcéad ar a laghad, agus gurbh fhir iad 40 faoin gcéad ar a laghad, de na hiarrthóirí a ndearna an páirtí cáilithe a n-iarrthóireachtaí a fhíordheimhniú san olltoghchán roimhe sin.

- (d) Tiocfaidh mír (c) i ngníomh an lá tar éis an lae a scoirfidh mír (a) d’éifeacht a bheith léi.”.

**43.**—Leasaítear alt 46 (a leasaíodh le halt 1(a) den Acht Toghcháin (Leasú), 2007) d’Acht 1992 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): Leasú ar alt 46 d’Acht 1992.

Cd.6 A.43      [*Uimh. 36.*] *An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú [2012.]  
Polaitíochta), 2012.*

“(3) Tabharfar ar gach páipéar ainmniúcháin ainmneacha (an sloinne i dtosach), seoladh, slí bheatha (más ann) agus inscne an iarrthóra.”.

Leasú ar alt 127 d’Acht 1992.      **44.**—Leasaítear alt 127 d’Acht 1992, i bhfo-alt (1), trí “, faoi inscne gach iarrthóra” a chur isteach i ndiaidh “i gcás toghcháin iomaidh”.